Táimse im' Chodhladh

Tráthnóinín déanach i gcéin cois leasa dom
Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé.
Sea dhearcas lem' thaobh an spéirbhean mhaisiúil
Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé.
Ba bhachallach péarlach dréimreach barrachas
A carnfholt craobhach ag titim léi ar bhaillechrith
'S í ag caitheamh na saighead trím thaobh do chealg mé
Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé.

Is mó buachaillín óg a thógadh go ceannasach
Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé.
Do cuireadh le foirmeart anonn thar farraige
Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé.
Go bheicfeadh an lá a mbeidh ár ar Shasanaigh
Ughaim ar a ndroim is iad ag treabhadh is ag branar dúinn
Gan mise a bheith ann mura dteannam an maide leo
Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé.

Mo shlán beó siar chun iarthair Chairbre
Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé
'S chun na Carraige Léithe mar a bhfuighinn réim is ceannas ann
Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé
Mar a bhfeicinn mo mhuíntir ag tidheacht go dtí an tAifreann
Agus lá úd na bruighne ná luighfeadh an maide orm
Murab ionann 'sa tír seo nach díon dúinn na fraghthacha
Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé.